2024/726

14.3.2024

# CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 325/2021

## an 10 Nollaig 2021

## lena leasaítear Iarscríbhinn I (Cúrsaí tréidliachta agus fíteashláintíochta) agus Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/726]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/1247 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le huasleibhéil iarmhar mhandastróibin i bhfíonchaora agus i sútha talún ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Is le reachtaíocht maidir le hábhair bheatha agus le hearraí bia a bhaineann an Cinneadh seo. An reachtaíocht a bhaineann le hábhair bheatha agus le hearraí bhia, ní bheidh feidhm aici maidir le Lichtinstéin fad a bheidh cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le trádáil i dtáirgí talmhaíochta leathnaithe chun Lichtinstéin a chumhdach, mar a shonraítear sna hoiriúnuithe earnála ar Iarscríbhinn I agus sa réamhrá i gCaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE. Dá bhrí sin, níl feidhm le bheith ag an gCinneadh seo maidir le Lichtinstéin.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní I agus II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 40 (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil II d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32021 R 1247**: Rialachán (AE) 2021/1247 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 (IO L 272, 30.7.2021, lch. 33).'

*Airteagal 2*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 54zzy (Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XII d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32021 R 1247**: Rialachán (AE) 2021/1247 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2021 (IO L 272, 30.7.2021, lch. 33).'

*Airteagal 3*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán (AE) 2021/1247 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 11 Nollaig 2021, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha *.

([1]) IO L 272, 30.7.2021, lch. 33.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.

*Airteagal 5*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Nollaig 2021.

*Thar ceann Chomhchoiste an LEE*
*An tUachtarán*
Rolf Einar FIFE